Our World
IRISH AID AWARDS

IRIS SPRAÍÚIL DO LEANAÍ!!

Cúnamh Éireann – clár cúnaimh oifigiúil na hÉireann thar lear

# TODHCHAÍ NÍOS FEARR DO LEANAÍ UILE AN DOMHAIN

## GRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN, 2014




Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

# Bail ó Dhia ort!

Is do leanaí agus faoi leanaí go speisialta an iris seo agus tá súil againn go dtaitneoidh sí leat!

Chuireamar scéalta, eolas spéisiúil, pictiúir, cluichí agus gníomhaíochtaí le chéile faoi shaol leanaí eile i dtíortha eile.

Gheobhaidh tú eolas áisiúil agus smaointe sna leathanaigh seo a leanas freisin a chuideoidh le do thogra Gradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan.

Is é téama Ghradaim na bliana seo ná:

## ‘TODHCHAÍ NÍOS FEARR DO LEANAÍ UILE AN DOMHAIN’

Beirtear níos mó ná leath de leanaí an domhain isteach i mbochtaineacht Tá na milliúin leanaí ar fud an domhain nach bhfuil an deis acu dul ar scoil, agus faigheann a oiread eile bás ó thinnis is féidir a chosc.

Tá tíortha ag obair le chéile ar fud an domhain chun troid i gcoinne na bochtaineachta trí **8 Sprioc Forbartha na Mílaoise**. San iris seo, míneoimid cad iad na Spriocanna sin agus mar atá ag éirí linn iad a bhaint amach chun todhchaí níos fearr a chruthú do leanaí uile an domhain. Gheobhaidh tú amach freisin conas atá Éire ag cuidiú le leanaí agus a dteaghlaigh ar fud an domhain tríd an obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann.

Tá súil againn go mbeidh spraoi agat leis na hailt, na scéalta, pictiúir agus puzail san iris seo agus go dtabharfaidh siad smaointe iontacha duit le haghaidh do thogra do **Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan**, na bliana seo.



# Clár na nÁbhar


3 Cad is Cúnamh Éireann ann?

4-5 Cad iad Spriocanna Forbartha na Mílaoise?

6-7 Tíortha comhpháirtíochta Chúnamh Éireann – Tráth na gCeist


8-10 Clubanna Sorn Cré sa Mhaláiv – Gníomhaíochtaí

11 Gradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan – Conas a bheith rannpháirteach

12 Acmhainní Chúnamh Éireann


Is é Cúnamh Éireann a chuir an iris seo i dtoll a chéile le haghaidh leanaí bunscoile ar mhaithe le Gradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan 2014. Eagraíonn Real Youth na Gradaim i gcomhar le Cúnamh Éireann ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

# CAD IS CÚNAMH ÉIREANN?




## ARBH EOL DUIT?

Is é Cúnamh Éireann clár cúnaimh na hÉireann le haghaidh forbairt thar lear.

Maidir le Cúnamh Éireann:

- cuidíonn sé le heagraíochtaí cosúil le Trócaire, GOAL, Christian Aid, UNICEF agus cuid mhaith eile chun troid i gcoinne an ocrais agus na bochtaineachta i mbreis is 80 tír ar fud an domhain,
- tá 9 gcinn de THÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA aige ina n-oibríonn sé go dícheallacha leis na Rialtais sna tíortha sin ionas gur féidir leo scoileanna agus ospidéil níos fearr a fhorbairt agus a thógáil, agus tuilleadh bia a chur ag fás,
- tugann sé cúnamh nuair a bhuaileann tubaistí cosúil le gorta nó tuilte tíortha.

## AN FÉIDIR LEAT LIOSTA A DHÉANAMH DE THÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA NA HÉIREANN?

**Seo iad ainmneacha 9 dtír comhpháirtíochta Chúnamh Éireann, ach tá na litreacha curtha in aimhréidh! Tá 8 gcinn san Afraic agus 1 san Áise. An féidir leat na litreacha a chur san ord ceart agus na tíortha a aimsiú ar an léarscáil?**

Chun cuidiú leat, tá na tíortha i **nDATH DEARG** ar an léarscáil.

1. ipioahtE
2. bmaaiZ
3. euqzombaMi
4. aadngU
5. aawilM
6. enoeL ierarS
7. znaiaTna
8. oothseL
9. etminaV

Sa domhan seo againn ina bhfuil 7 billiún duine, tá 1.2 billiún duine ag maireachtáil faoi bhochtaineacht, agus gan fiú euro amháin acu le maireachtáil gach lá. Tá cónaí ar na daoine is boichte ar domhan san Afraic fho-Shahárach agus i roinnt páirteanna den Áise.

Gach seans go dtugann tú féin agus do theaghlach airgead d'eagraíochtaí forbartha a chuidíonn le daoine i dtíortha bochta. Ach arbh eol duit go dtugann an Rialtas é féin cúnamh thar ceann muintir na hÉireann ar fad, trí chlár ar a dtugtar Cúnamh Éireann? Cabhraíonn Cúnamh Éireann le cuid mhaith de na tíortha is boichte ar domhan troid i gcoinne na bochtaineachta. Tugtar tíortha i mbéal forbartha ar na tíortha sin go minic.



Oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais agus le pobail chun tíortha a fhorbairt d'fhonn scoileanna agus ospidéil a thógáil agus ionas go mbeidh talamh níos fearr acu, ionas go mbeidh daoine sna tíortha sin in ann a saol a fheabhsú. Tugtar cúnamh forbartha ar an gcineál sin cúnaimh.

Is féidir linn go léir a bheith mórtasach toisc go meastar gurb é ár gclár cúnamh forbartha thar lear ceann de na cláir is fearr ar domhan. Is eol do chách go bhfuil Éire mar cheannródaí domhanda sa troid i gcoinne an ocrais agus na bochtaineachta agus go bhfuiltear ag obair go dícheallach le tíortha eile chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach.

### ÁR GCOMHPHÁIRTITHE

Trína chlár Cúnamh Éireann, tá comhpháirtíochtaí speisialta ag Éirinn le 9 dtír, 8 gcinn san **Afraic**: **An Aetóip, Leosóta, An Mhaláiv, Mósaimbíc, Siarra Leon, An Tansáin, Uganda** agus **an tSaimbia,** agus 1 tír san **Áise:** **Vítneam.** Ciallaíonn sé sin go n-oibrímid leis na rialtais agus le pobail sna tíortha sin chun troid i gcoinne na bochtaineachta agus saol daoine a fheabhsú sna tíortha sin.

Féach ar an léarscáil. An féidir leat tíortha comhpháirtíochta na hÉireann a fheiceáil?

## BALLA NA BHFOCAL

Úsáid na boscaí thíos chun aon fhocail nó frásaí nua a dtagann tú trasna orthu san iris seo a bhreacadh síos. Nuair a bheidh tú críochnaithe, iarr ar do mhúinteoir na focail nó na frásaí a mhíniú duit.

# CAD IAD SPRIOCANNA FORBARTHA NA MÍLAOISE?

SA BHLIAIN 2000, tháinig ceannairí 189 tír, Éire ina measc, le chéile, sna Náisiúin Aontaithe **chun féachaint ar na fadhbanna is mó atá ag cur isteach ar an domhan mór. Bhí siad ag iarraidh féachaint ar bhealaí le go bhféadfaí domhan níos fearr a chruthú dúinn go léir.** D'aontaigh na ceannairí domhanda seo as tíortha saibhre agus bochta araon oibriú le chéile chun fáil réidh leis an mbochtaineacht ar fud an domhain. Shocraigh siad líon na ndaoine atá ag maireachtáil faoi bhochtaineacht a laghdú go dtí a leath faoi 2015. Is dúshlán mór é sin agus mar sin chruthaigh siad céimeanna beaga chun cuidiú leo an sprioc a bhaint amach.

**Gheall siad go n-oibreoidís le chéile** in iarracht na 8 sprioc forbartha a bhaint amach chun troid i gcoinne na bochtaineachta agus ár ndomhan a fheabhsú do dhaoine pé áit ina bhfuil cónaí orthu.Tugtar **Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFManna)** orthu sin, de chuid na Náisiún Aontaithe toisc gur comhaontaíodh iad i mbliain na Mílaoise 2000. Má leanann gach tír ag obair le chéile chun na gealltanais sin a choimeád, beidh an domhan níos fearr do leanaí agus dá dteaghlaigh i ngach áit. Ní bheidh an oiread daoine ag maireachtáil faoi bhochtaineacht mhór, rachaidh tuilleadh buachaillí agus cailíní chun na scoile agus ní chaillfear an oiread daoine ó thinnis.

## 8 SPRIOC FORBARTHA NA MÍLAOISE

1. Deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le hocras
2. A chinntiú go dtéann gach leanbh ar scoil
3. A chinntiú go bhfaigheann mná agus cailíní na deiseanna céanna is a fhaigheann fir agus buachaillí
4. Laghdú a dhéanamh ar líon na leanaí óga agus naíonán a fhaigheann bás de bharr na bochtaineachta
5. Sláinte máithreacha a fheabhsú agus iad ag iompar clainne
6. Troid i gcoinne galar tógálach
7. An timpeallacht a chosaint don todhchaí
8. Oibreoidh tíortha le chéile mar chomhpháirtithe chun saol níos fearr a chruthú ar domhan

**Chun cuidiú leat, tá póstaer mór ag do mhúinteoir de 8 Sprioc Forbartha na Mílaoise, nó is féidir leat féachaint ar an leagan simplí de na Spriocanna ar an leathanach seo.**




## FÚTSA ANOIS...


Caithfimid súil níos géire ar Spriocanna Forbartha na Mílaoise:

- An féidir leat smaoineamh ar thrí rud a d'fhéadfadh cabhrú chun SFM 1 a bhaint amach?
- Cén fáth a gceapann tú go bhfuil peann luaidhe in úsáid i gcomhair lógó SFM 2?
- Céard atá i gceist le SFM 3 meas tú?
- An bhfeiceann tú aon cheangal idir SFM 4, SFM 5 agus SFM 6?
- Luaigh rud amháin a dhéanann tú cheana féin chun SFM 7 a bhaint amach?
- Is ionann SFM 8 agus tíortha ag obair le chéile chun domhan níos fearr a chruthú. An féidir leat smaoineamh ar roinnt cúiseanna go bhfuil sé go maith oibriú as a chéile?

# CUIR AN UIMHIR CHEART LE TAOBH GACH CEANN DE NA SPRIOCANNA SEO.

Tá daoine ann a cheapann go bhfuil gach sprioc chomh tábhachtach céanna agus nach féidir aon Sprioc a bhaint amach astu féin. Mar shampla, tá ceangal idir SFM 1 dóthain bia a bheith ag daoine agus SFM 2 a bheith in ann dul ar scoil.

**An féidir leat an ceangal a fheiceáil idir SFManna eile? Tarraing línte aon áit a mheasann tú go bhfuil SFManna ceangailte le chéile.**





## Fág draíocht agus púdar an áidh....

Tá tíortha ar fud an domhain mhóir ag obair le chéile chun na 8 SFM a bhaint amach, agus tá ag éirí go han-mhaith leo ar roinnt de na spriocanna, cosúil le líon na ndaoine atá ag maireachtáil i bhfíor-bhochtaineacht a laghdú faoina leath (SFM 1), ó 2.4 billiún go dtí 1.2 billiún. Ach ní bhainfear amach gach ceann de na Spriocanna faoi 2015, agus beidh cuid mhaith oibre le déanamh chun saol níos fearr a chruthú do dhaoine ar domhan. Mar gheall air sin, tá ceannairí an domhain an-ghnóthach anois ag iarraidh teacht ar shraith nua spriocanna chun cuidiú le daoine ar fud an domhain saol níos fearr a chruthú dóibh féin agus dá leanaí.

**Samhlaigh go bhfuil slaitín draíochta agatsa ag a bhfuil cumhachtaí speisialta chun an saol a fheabhsú do chách. Sa spás atá ar fáil, tarraing pictiúr den domhan sin, dar leatsa.**

# LÉARSCÁILEANNA AGUS FÍRICÍ

FÉACH AR BHRAIT THÍORTHA COMHPHÁIRTÍOCHTA CHÚNAMH ÉIREANN.

- I gcás gach ceann de na brait aimsigh an tír cheart ar an léarscáil agus cuir dath air ag úsáid dathanna na mbrat.

LÉIGH AN T-EOLAS FAOI 9 DTÍR CHOMHPHÁIRTÍOCHTA CHÚNAMH ÉIREANN.

- Úsáid an méid atá foghlamtha agat chun an Tráth na gCeist ar leathanach 7 a dhéanamh.



## AN AETÓIP

**Príomhchathair:** Addis Ababa

**Daonra:** 86.5 milliún

**Airgeadra Oifigiúil:** Birr
(Is fiú thart ar 4c 1 Birr amháin)

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 39%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Tacaíonn Cúnamh Éireann le tograí rialtais ina ndéantar iarracht deireadh a chur le bás naíonán agus leanaí beaga mar gheall ar an mbochtaineacht. Tháinig titim 38.7% ar líon na ndaoine a cailleadh idir 2000 agus 2011.

**Fíric Spraíúil:** Tugtar tukuls ar na tithe traidisiúnta san Aetóip; tithe cruinne le hurláir puitigh agus ballaí déanta as puiteach agus/nó maidí agus an díon déanta as féar fada ar a dtugtar teif.

## LESOTHO

**Príomhchathair:** Maseru

**Daonra:** 2.2 milliún

**Méid:** thart ar leath níos lú ná Éirinn

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 43.4%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** In 2012, chuidigh Cúnamh Éireann le os cionn 10,000 duine bocht gairdíní glasraí ilghnéitheacha a dhéanamh.

**Fíric Spraíúil:** Tá cáil ar Leosóta as loirg dineasár agus ainmníodh dineasár i ndiaidh na tíre fiú - ba laghairt é an Lesothosaurusis a bhí méadar ar fad agus a mhair ar phlandaí.

## UGANDA

**Príomhchathair:** Kampala

**Daonra:** 35.6 milliún

**Príomheaspórtálacha:** caife, tae, cadás agus tobac

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 38%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Chuidigh Cúnamh Éireann le clár rialtais Uganda atá ag cuidiú le 2/3 de leanaí an bhunscoil a chur i gcrích.

**Fíric Spraíúil:** Tá fón póca ag 10 milliún duine as Uganda, beagnach 1/3 den daonra.

## SIARRA LEON

**Príomhchathair:** Freetown

**Daonra:** 6.1 milliún

**Stair:** Bhí cogadh cathartha i Siarra Leon ó 1991-2002.

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 53.4%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** D'oibrigh Cúnamh Éireann leis an Rialtas chun 19 ionad a bhunú a oibríonn lena chinntiú go bhfaigheann naíonáin agus leanaí óga ar fud Siarra Leon bia agus go mbíonn siad folláin.

**Fíric Spraíúil:** Tá oileán ar a dtugtar Dublin Island amach ó chósta iardheisceart leithinis Freetown. Is sliochtaigh de sclábhaithe a scaoileadh saor ón Muir Chairib iad na daoine atá ina gcónaí ar an oileán.

## VÍTNEAM

**Príomhchathair:** Hanoi

**Daonra:** 89 milliún

**Líon na mionlach eitneach:** Tugann rialtas Vítneam aitheantas do 54 grúpa eitneach éagsúla, agus a dteanga, a stíl mhaireachtála, agus a n-oidhreacht chultúrtha féin ag gach ceann díobh.

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 16.1%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Rannchuidíonn Cúnamh Éireann le clár rialtais i Vítneam a chuidigh chun laghdú 2/3 a dhéanamh ar líon na mban a fhaigheann bás agus iad ag iompar clainne idir 1990 agus 2012

**Fíric Spraíúil:** Is minic le muintir Vítneam muca urbholgacha a choinneáil mar pheataí.

## MÓSAIMBÍC

**Príomhchathair:** Maputo


**Daonra:** 24.5 million

**Gné thíreolaíoch:** Tá ceann de na cóstaí is faide ar domhan i Mósaimbíc agus 6,942 ciliméadar de ar feadh an Aigéin Indiaigh.

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 59.6%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Tháinig rialtas Mósaimbíc agus Cúnamh Éireann le chéile chun cuidiú le mná faoin tuath a mhaireann faoi bhochtaineacht, airgead a chur i dtaisce chun iasachtaí beaga a fháil ag amanna ina gcliseann ar an mbarr nó nuair a bhuaileann tinneas an teaghlach.

**Fíric Spraíúil:** Ba choilíneacht Phortaingéalach a bhí i Mósaimbíc ar feadh 500 bliain mar sin tá cleachtadh ag muintir Mhósaimbíc ar bhia as an bPortaingéil; itheann siad cáca beag ar a dtugtar pãozinho..



## AN TSAIMBIA

**Príomhchathair:** Lusaka

**Daonra:** 13.9 milliún

**Líon na dteangacha oifigiúla:** 8 – ina measc Nyanja an teanga a labhraíonn formhór na ndaoine a chónaíonn sa phríomhchathair, Lusaka.

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 68.5%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Chabhraigh Cúnamh Éireann le clár rialtais sa tSaimbia a chuidigh le os cionn 93% de na leanaí dul ar aghaidh chuig an meánscoil.

**Fíric Spraíúil:** Tugtar The Copper Bullets ar fhoireann peile na Saimbia toisc go bhfuil copar ar an bpríomhearra a easpórtáiltear as an tSaimbia.

## AN TANSÁIN

**Príomhchathair:** Dodoma

**Daonra:** 47.7 milliún

**Gné thíreolaíoch:** Tá Kilimanjaro, an sliabh is airde san Afraic, lonnaithe in oirthuaisceart na Tansáine.

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 67.9%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Dhúbail an limistéar de thalamh feirmeoireachta uiscithe idir 2001 agus 2011, a bhuíochas sin do chlár arna rith ag Aireacht Talmhaíochta na Tansáine, agus a fuair tacaíocht ó Chúnamh Éireann.

**Fíric Spraíúil:** Tugann cuairteoirí ón domhan mór cuairt ar Pháirc Náisiúnta Serengeti. Is féidir os cionn 200 speiceas d'éin, chomh maith le leoin, sioráif, eilifintí agus séabra a fháil sa pháirc. Tá an srónbheannach dubh le fáil ann freisin, ar speiceas i mbaol é.



## AN MHALÁIV

**Príomhchathair:** Lilongwe

**Daonra:** 15.9 milliún

**Uachtarán:** Rinneadh uachtarán de Joyce Banda in 2012, an chéad uachtarán mná ar an Mhaláiv.

**Céatadán na ndaoine a mhaireann ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae:** 73.9%

**Sampla amháin de dhul chun cinn SFM:** Ó 2010, thacaigh Cúnamh Éireann le clár rialtais a chuir 263,000 eangach le haghaidh leapacha frith-muiscítí ar fáil i lár na Maláive. Cabhraíonn na heangacha sin ionas nach bhfaighidh leanaí óga maláire, galar fola a scaipeann muiscít ionfhabhtaithe.

**Fíric Spraíúil:** Is "Lake of the Stars" a thug an taiscéalaí Albanach David Livingstone ar Loch na Maláive tráth den saol, toisc go raibh soilse na dtóirsí a bhí ag scaladh ó bháid iascairí san oíche cosúil le réalta sa spéir.



## CÚNAMH ÉIREANN AGUS NA SFMANNA

IS EOL DUIT CHEANA FÉIN GUR CHUIDIGH CÚNAMH ÉIREANN CHUN 263,000 EANGACH A CHUR AR FÁIL LE HAGHAIDH LEAPACHA FRITH-MUISCÍTÍ I LÁR NA MALÁIVE. CABHRAÍONN NA HEANGACHA SIN IONAS NACH BHFAIGHIDH LEANAÍ ÓGA MALÁIRE, GALAR FOLA A SCAIPEANN MUISCÍT IONFHABHTAITHE.

**Féach arís ar an liosta de na 8 SFM ar leathanach 4. Cén ceann de na SFManna a bhfuil Cúnamh Éireann ag cabhrú lena mbaint amach trí eangacha frith-muiscíte a chur ar fáil?**

## TRÁTH NA GCEIST

IS FÉIDIR LEAT NA CEISTEANNA A FHREAGAIRT TÚ FÉIN, NÓ IARRAIDH AR DO MHÚINTEOIR TRÁTH NA GCEIST A EAGRÚ.

**1. Is ..............................í an Afraic.**
*(críochnaigh an abairt)*
a. Ilchríoch
b. Tír
c. Réigiún
d. Cathair

**2. Ta............ thír in ilchríoch na hAfraice.**
*(líon isteach na bearnaí)*
a. 8
b. 21
c. 40
d. 55

**3. Cé mhéad duine atá ina gcónaí ar ilchríoch na hAfraice?**
*(cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart)*
a. Thart ar 2 mhilliún
b. Thart ar 5 mhilliún
c. Thart ar 1 billiún
d. Thart ar 50 billiún

**4. Cén tír ar ainmníodh dineasár ina diaidh?**
*(cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart)*
a. Vítneam
b. An Mhaláiv
c. An Tansáin
d. Leosóta

**5. In .................................... tá 39% de na daoine ag maireachtáil ar níos lú ná euro amháin in aghaidh an lae.**
*(líon isteach na bearnaí)*
a. Mósaimbíc
b. An Aetóip
c. An tSaimbia
d. An Mhaláiv

**6. Tá 54 grúpa mionlach eitneach ina gcónaí in ......................................**
*(líon isteach na bearnaí)*
a. Uganda
b. An Tansáin
c. Vítneam
d. Siarra Leon

**7. Thacaigh Cúnamh Éireann le tograí a chuidíonn le 2/3 de na leanaí in ................... an bhunscoil a chur i gcrích.**
*(líon isteach na bearnaí)*
a. An Aetóip
b. An tSaimbia
c. Uganda
d. Leosóta

**8. Tá oileán ar a dtugtar Dublin Island in S....................... L.......................**
*(críochnaigh an abairt)*

**9. Tá an sliabh is airde san Afraic sa Tansáin. Cad é ainm an tsléibhe?**
..........................................................................

**10. Cén tír a easpórtálann copar?**
..........................................................................

**11. Chuidigh Cúnamh Éireann chun 263,000 eangach le haghaidh leapacha frith-mhuiscítí a chur ar fáil i lár na Maláive. Cuireann na heangacha sin cosc ar ghalar ar a dtugtar**
..........................................................................
*(críochnaigh an abairt)*

**12. Tá baile i gCo. Uíbh Fhailí ar a dtugtar B............ a bhfuil an t-ainm céanna air leis an airgead a úsáidtear san Aetóip.**
*(líon isteach na bearnaí)*




# DÍRIGH AR CHLÁR CHÚNAMH ÉIREANN SA MHALÁIV



## AN MHALÁIV - Comhad Tíre

| | |
|---|---|
| Suíomh: | Oirdheisceart na hAfraice |
| Daonra: | 15.9 milliún |
| Airgeadra: | Kwacha |
| Príomhchathair: | Lilongwe |
| Teangacha: | Chichewa, Béarla agus cinn eile |
| Easpórtálacha: | Tobac, tae, siúcra |

Tá an Mhaláiv ar cheann de naoi dtír chomhpháirtíochta Chúnamh Éireann. An bhfuil tú in ann an Mhaláiv a aimsiú ar an léarscáil ar leathanach 3?

Go coitianta, tugtar croílár na hAifrice ar an Mhaláiv

## GHEOBHAIMID AMACH FAOI SHOIRN CHRÉ...

Is tinte trí-chloch a bhíonn in úsáid go traidisiúnta faoin tuath sa Mhaláiv i gcomhair cócaireachta. Leis sin leagtar pota ar thrí chloch timpeall ar thine oscailte. Ídítear go leor adhmaid leis an gcineál seo tine, agus mar gheall air sin ídítear coillte. Chun fáil réidh leis an bhfadhb sin bhí Cúnamh Éireann ag obair mar chomhpháirtí le dhá eagraíocht neamhrialtasacha (NGO), Concern Universal (RA) agus NGO as an Mhaláiv, Clioma, chun eolas a scaipeadh faoi na buntáistí a bhaineann le soirn chré i gcomhair cócaireachta sa Mhaláiv. Tá go leor buntáistí ag baint le soirn chré; mar shampla, tá sé níos éasca an tine a choinneáil faoi smacht le soirn chré, mar sin ní theastaíonn an oiread adhmaid uathu. Ciallaíonn sé sin nach leagtar an oiread crann. Is féidir le daoine na soirn a dhéanamh nó a cheannach toisc gur féidir iad a dhéanamh le hithir as an áit, agus ní chosnaíonn siad fiú amháin €1 euro le déanamh.

Nuair a úsáideann muintir na háite sa Mhaláiv na soirn seo cuidíonn siad leo na hacmhainní nádúrtha ar a mbíonn siad ag brath a chosaint. Ciallaíonn sé sin go mbíonn siad in ann an ceann is fearr a fháil ar fhadhbanna a thagann chun cinn agus is féidir leo todhchaí níos fearr a chruthú dóibh féin agus dá dteaghlaigh.

## CÉN FÁTH A N-ÚSÁIDTEAR SOIRN CHRÉ I GCOMHAIR CÓCAIREACHTA?

Tugann soirn chré cosaint don chomhshaol, cabhraíonn siad le go mbeidh sláinte agus oideachas níos fearr ar dhaoine, agus tugann siad slí mhaireachtála do na daoine a dhéanann na soirn.



TINE TRAIDISIÚNTA TRÍ-CHLOCH I GCOMHAIR CÓCAIREACHTA



POTA AG FIUCHADH AR SHORN CRÉ




## TINE CÓCAIREACHTA TRÍ-CHLOCH

Cruthaítear go leor deataigh nuair a bhítear ag cócaireacht le trí chloch agus tarlaíonn fadhbanna truaillithe dá réir. Nuair a bhíonn an cineál sin truaillithe timpeall ar dhaoine ar feadh píosa fada bíonn a gcuid súile an-tinn, faigheann siad tinneas cinn, agus bíonn droch-anáil acu.

Ídítear go leor adhmaid le tinte trí chloch. Nuair a leagtar an iomarca crann glantar an bharrithir chun siúil nuair a bhíonn sé ag báisteach, agus laghdaítear caighdeán na hithreach. Ciallaíonn sé sin nach bhfásann an oiread barr agus go mbíonn siad ar dhroch-chaighdeán.

Is minic gurb iad na mná agus cailíní a bhíonn i gceannas ar adhmad tine a bhailiú. Tógann sé sin go leor ama toisc go mbíonn orthu siúl píosa fada chun adhmad a fháil.

## SORN CRÉ



Ní chruthaítear an oiread deataigh le soirn chré mar sin ní bhíonn an truailliú chomh dona sa chistin.

Ní úsáidtear an oiread adhmaid i soirn chré. Ciallaíonn sé sin nach leagann daoine an oiread crann i gcomhair cócaireachta, ní chuirtear isteach ar na hainmhithe atá ina gcónaí timpeall ar na crainn, bíonn an ithir níos fearr agus bíonn an barr níos fearr.

Ní úsáidtear an oiread adhmaid i soirn chré. Ciallaíonn sé sin go mbíonn níos mó ama ag mná agus ag cailíní a bheith ag obair, le scíth a ligean, dul ar scoil nó rudaí eile a dhéanamh ina bpobal.

Is féidir le daoine soirn chré a dhéanamh agus a dhíol agus airgead a shaothrú dá dteaghlaigh.

**Is sampla iad soirn chré a chur ag obair in ionad sean-mhodhanna cócaireachta de na bealaí nua is féidir linn rudaí a dhéanamh chun difear a dhéanamh i saol daoine agus pobail bhochta, agus an comhshaol a chosaint ag an am céanna.**

## SOIRN CHRÉ AGUS SFMANNA

Smaoinigh ar na buntáistí a bhaineann le soirn chré a úsáid agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a chuirtear chun cinn le húsáid na sorn cré.

Is dea-scéal é tabhairt isteach na sorn cré do mhná agus do chailíní go háirithe. Cuidíonn siad chun SFM3 a bhaint amach, mar sin tá tic curtha leis an SFM sin sa liosta ar dheis.

## CUIR TIC LE TAOBH AON SFM EILE A MHEASANN TÚ A CHUIDIGH LEIS AN GCLÁR SORN CRÉ.

- [ ] Deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus le hocras
- [ ] A chinntiú go dtéann gach leanbh ar scoil
- [x] A chinntiú go bhfaigheann mná agus cailíní na deiseanna céanna is a fhaigheann fir agus buachaillí
- [ ] Laghdú a dhéanamh ar líon na leanaí óga agus naíonán a fhaigheann bás de bharr na bochtaineachta
- [ ] Sláinte máithreacha a fheabhsú agus iad ag iompar clainne
- [ ] Troid i gcoinne galar tógálach
- [ ] An timpeallacht a chosaint don todhchaí
- [ ] Oibreoidh tíortha le chéile mar chomhpháirtithe chun saol níos fearr a chruthú ar domhan

## Clubanna Sorn i mbailte sa Mhaláiv

Tháinig daoine le chéile i roinnt bailte chun Clubanna Sorn a bhunú. Oibríonn siad le chéile chun soirn chré a dhéanamh agus a dhíol. Tá níos mó agus níos de na clubanna sin á mbunú i mbailte sa Mhaláiv.


NA MBAILL DE CHLUB SORN AN TSRÁIDBHAILE

Tá 34 duine páirteach sa chlub seo i M'ganja, 29 bean agus 5 fear. Tá baill an chlub roinnt idir foirne déantúsaíochta (déantóirí sorn) agus margaíochta. Cuireann gach déantóir sorn marc speisialta dá chuid féin ar bhile a shoirn agus bíonn siad in ann a gcuid sorn a aithint ó chinn a rinne na baill eile. Tá sé de chúram ar an bhfoireann margaíochta na soirn a dhíol agus a sheachadadh.

Thóg baill an chlub seo tornóg, chun na soirn chré a théamh go dtí go mbeidh siad sách crua le húsáid i gcócaireacht, agus stór dá gcuid sorn.

Díolann an club 300 sorn gach mí. Úsáideann siad an t-airgead a shaothraíonn siad chun grán buí a cheannach (cosúil le grán milis), an bia is mó a itear sa Mhaláiv.

Dá mba mhaith leat tuilleadh a fháil amach faoin togra sorn iarr ar do mhúinteoir féachaint ar na pleananna ceachta ar **www.ourworldirishaidawards.ie**



## FORBAIRTÍ SA TEICNEOLAÍOCHT

Nuair a d'athraigh muintir na Maláive ón tine trí chloch go dtí soirn chré i gcomhair cócaireachta bhí siad ag baint an leas is mó as forbairtí sa teicneolaíocht, nó ag úsáid teicneolaíochtaí nua chun slite maireachtála níos fearr, níos folláine agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

## FÉACH AR AN LIOSTA THÍOS. CÉN CEANN ACU SEO A MHEASANN TÚ A LÉIRÍONN FORBAIRTÍ SA TEICNEOLAÍOCHT?

**Clóscríobháin**

**Rothair**

**Fóin phóca**

**Treabhadh**

**Cláir bhána idirghníomhacha**

**Leictreachas**



SAMHLAIGH GO BHFUIL TÚ AG CUR RÍOMHPHOST CHUIG ONESTA. INIS DI FAOI......

Na rudaí ba shuimiúla dar leat faoi chlár na sorn cré:

Aon rud breise ba mhaith leat a fháil amach:

Na rudaí atá ar siúl agat chun an comhshaol a chosaint:

# Buailfimid le beirt bhall de Chlub Sorn Bhaile M'ganja...




## Scéal Onesta agus Oliveta

Tar éis dúinn a chloisteáil go raibh Concern Universal, i gcomhpháirtíocht le Clioma agus Cúnamh Éireann, ag tabhairt deis dul ag obair ar shoirn atá tíosach ar bhreosla, bhuaileamar le chéile agus d'iarramar ar thaoiseach an bhaile an bhféadfaimis a bheith páirteach.

Bhíomar bréan den achar a thóg sé orainn adhmad a bhailiú le haghaidh na tine. Ní bhíonn an oiread deataigh ach an oiread i soirn chré is a bhíonn i dtine oscailte. Is féidir na soirn a bhogadh freisin chun an teaghlach a théamh má bhíonn siad tinn nó fuar.

D'iarr Concern Universal sampla den ithir orainn le seiceáil cibé an raibh an chré a bhí in úsáid againn oiriúnach. Nuair a fuaireamar amach go raibh an chré oiriúnach dúradh linn go gcaithfimis scioból a thógáil le bheith ag obair ann. Bhailíomar ábhar áitiúil agus thógamar an scioból. Nuair a bhí sé sin déanta againn, thug Concern Universal daoine isteach chun muid a thraenáil le soirn a bhí tíosach ar bhreosla a thógáil.

Bhíomar an-ríméadach go raibh rud éigin ar bun againn a raibh an-suim againn ann le fada an lá. Tá soirn déanta againn don phobal ar fad mar go bhfeiceann siad an méid adhmaid a bhí siad in ann a shábháil leo. Maireann adhmad nach maireadh fadó ach dhá lá trí seachtaine anois. Leis an airgead a shaothraímid ag díol sorn bímid in ann rudaí a cheannach dár dteaghlach.


Táimid an-bhuíoch do Concern Universal, Clioma, agus do Chúnamh Éireann, as an togra seo a chur ar na súile dúinn agus as cabhrú linn aire a thabhairt dár gcrainn.

## Dear sorn cré

Cuireann gach ball den Chlub Sorn i mbaile M'ganja marc ar a sorn ionas go mbeidh a fhios acu cén ceann a rinne siad féin.

Anois seo é do sheans dearadh a chruthú le haghaidh sorn cré.

Smaoinigh faoi na dathanna, na carachtair nó na lógónna b'fhéidir a d'úsáidfeá....



## Déan macasamhail de Shorn



**1.** Tóg rúinne beag cré, isteach i do dhorn agus déan liathróid chruinn de.



**2.** Déan cruth diosca ciorclach den liathróid (thart ar 10cm trasna agus 1 cm ar airde). Seo é an bun, nó bonn, an tsoirn.



**3.** Tóg tuilleadh píosaí cré agus déan cornaí díobh (ar nós ispíní), thart ar 1cm i dtiubhas. Teastóidh go leor acu sin uait le taca a chur faoi thaobh do shoirn.



**4.** Cuir taobh amháin den chorna ar bharr an bhoinn, agus bíodh imeall amuigh an chorna cothrom le himeall amuigh an bhoinn. Beidh ort an corna agus an bonn a cheangal le chéile ionas nach dtitfidh an sorn as a chéile nuair a thriomóidh sé.



**5.** Coinnigh greim ar an dromchla amuigh le méaracha lámh amháin, agus úsáid an lámh eile chun an chéad chorna agus an bonn a bhrú le chéile. Mínigh dromchla taobh istigh an chorna chuig bun an tsoirn. Caithfidh tú é sin a dhéanamh gach uair a chuireann tú corna leis an sorn.



**6.** Cuir an chéad chorna eile isteach san áit ar thosaigh an chéad cheann. Lean an modh sin, agus an ceangal, go mbeidh do shorn sách ard (idir 8 – 10cm). Mínigh an taobh amuigh den sorn le do mhéar nó le spúinse fliuch.



**7.** Féadfaidh tú cruth na hoscailte a ghearradh amach sa taobh tosaigh den sorn. Mar gheall go bhfuil an chré fós bog beidh tú in ann an cruth a ghearradh amach le scian phlaisteach. Gearr é gar do bhonn an tsoirn. Ní mór duit a bheith cúramach leis an taobh istigh den sorn fad is atá tú ag gearradh.



**8.** Cuir lámha nó hanla ar an sorn – tóg dhá ghabhail bheaga cré agus lom iad beagán. Cuir iad sin le taobh an tsoirn tríd iad a fhliuchadh de bheagán agus iad a shnoí díreach mar a rinne tú leis na cornaí.



**9.** Mínigh amach aon phíosa den sorn atá scoilte. Féadfaidh tú anois do shorn a mhaisiú le patrúin – úsáid maidí manglaim nó peann luaidhe.



**10.** Fág do shorn go dtriomóidh sé (tógfaidh sé seo seachtain, b'fhéidir, mar go gcaithfidh sé triomú go mall).

## Arbh eol duit?

**Úsáideann muintir na Maláive leaganacha níos mó den sorn seo mar shoirn cócaireachta. Is féidir na soirn sa Mhaláiv a úsáid i gcócaireacht toisc go ndéantar iad a bhácáil (nó a thriomú) i dtornóg. Déantar an macasamhail seo de shorn a thriomú faoin aer mar sin ní féidir leat a bheith ag cócaráil leis, ach tá maisiú álainn air má chuireann tú coinneal bheag isteach in oscailt an tsoirn.**

*Eolas agus grianghraif maidir le clár na sorn cré sa Mhaláiv le caoinchead Concern Universal (Ríocht Aontaithe).*

DÉAN IARRATAS

# AR GHRADAIM CHÚNAMH ÉIREANN, ÁR NDOMHAN 2014



**MEABHRÚCHÁN!**
**IS É AN DATA DEIRIDH NÁ 21 MÁRTA 2014 – MURA BHFUAIR DO MHÚINTEOIR PACÁISTE FAOI CONAS PÁIRT A GHLACADH, BA CHEART DÓIBH DUL I DTEAGMHÁIL LE OURWORLD@REALYOUTH.IE NÓ FÉACH AR WWW.OURWORLDIRISHAIDAWARDS.IE**

Bhí tú ag léamh anseo faoi conas atá Éire tríd an obair a dhéanann Cúnamh Éireann, ag cuidiú chun troid i gcoinne na bochtaineachta agus an ocrais agus saol leanaí agus a dteaghlaigh a fheabhsú i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan.

Ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim faoi obair Chúnamh Éireann i dtíortha i mbéal forbartha, agus neart spraoi a bheith agat idir an dá linn?

Bhuel, seo é do sheans.... Is é téama Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan na bliana seo ná: 'Todhchaí Níos Fearr do Leanaí Uile an Domhain'.

Féadfaidh tú léamh faoi na gradaim anseo agus conas a bheith rannpháirteach.



## FÚTSA ANOIS....

**Labhair le do mhúinteoir faoi Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan....**

**Cén tograí b'fhéidir a bheifeá in ann a dhéanamh? Smaoinigh ar roinnt rudaí anois!**

## SCRÍOBH É

Scríobh scéal gearr nó litir nó dán; cuir dialann nó blag le chéile nó nuachtán nó iris.

## TAIFEAD É

Déan scannán; dean aithris ar scéal mar dhráma; cuir scéal nó agallamh ar chlos-thaifeadán.

## TARRAING PICTIÚR

Tóg grianghraif; cruthaigh dialann grianghraf; úsáid grianghraif chun codarsnachtaí a léiriú, chun féidearthachtaí a léiriú, le taispeáint cad is féidir a dhéanamh.

## TARRAING, PÉINTEÁIL NÓ DÉAN É

Dear póstaer; péinteáil fríos balla nó colláis; tóg múnla; cruthaigh clár cluiche, déan léarscáil.

## IARR É

Socraigh agallamh; déan vox pop ag do scoil nó ionad siopadóireachta; déan suirbhé beag den méid atá ar eolas ag daoine, nó na tuairimí atá ag daoine faoi cheist a bhaineann leis an mbochtaineacht; eagraigh tráth na gceist i do scoil.

## ABAIR AMHRÁN

Cum amhrán; cum raip; cuir focail nua le hamhrán atá ar eolas ag go leor daltaí eile.



**Má éiríonn sách maith leat b'fhéidir go bhfaigheadh do rang nó do ghrúpa plaic Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan le haghaidh do scoile ag imeachtaí spsisialta ar fud na tíre. Nó, b'fhéidir go mbeaifeá i láthair ag searmanas breá na nGradam i mBaile Átha Cliath, áit a bhfaighidh daltaí a mbeidh na tograí is fearr acu a ngradam, agus gheobhaidh tú amach cén scoil a gheobhaidh trófaí iomlán Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan.**




Chun tuilleadh grianghraf a fheiceáil agus ár dtograí i gcomhair Ghradaim ár nDomhain féach:

**www.ourworldirishaidawards.ie**

**Freagraí Thráth na gCeist:**
**(1)** a. Ilchríoch **(2)** d. 55 – dar le hAontas na hAfraice; **(3)** c. Thart ar 1 billiún **(4)** d. Leosóta **(5)** b. An Aetóip (39% de 86.5 milliún duine = 33.7 milliún duine); **(6)** c. Vítneam; **(7)** c. Uganda; **(8)** Siarra Leon; **(9)** Kilimanjaro; **(10)** An tSaimbia; **(11)** Maláire; **(12)** Biorra (Birr).



# CÚNAMH ÉIREANN AGUS ACMHAINNÍ DO MHÚINTEOIRÍ BUNSCOILE

**Raon acmhainní áisiúla agus tacaíochta do mhúinteoirí bunscoile atá ag múineadh forbairt dhomhanda.**

**Tá na hacmhainní agus na ceardlanna seo dearth don churaclam bunscoile agus go háirithe Tíreolaíocht SESE (Daoine agus Tailte Eile) agus SESE (Cearta Daonna) ach tá siad ábhartha ar fud an churaclaim ar fad.**

### Ceardlann in aisce faoin Afraic do ranganna bunscoile i mí na Bealtaine agus an Mheithimh.

Chun ceardlann a chur in áirithe téigh i dteagmháil le Ruth Powell
**01 854 6932 nó ruth.powell@dfa.ie**

### Scéim Ghradaim Chúnamh Éireann, ár nDomhan

Clár dámhachtainí bliantúil do ranganna 3 go dtí 6, a chuidíonn le daltaí fáil amach faoi shaol leanaí i dtíortha i mbéal forbartha agus conas atá Éire ag obair chun troid i gcoinne na bochtaineachta agus an ocrais. Tugtar na rudaí seo a leanas do mhúinteoirí:

- Pleananna ceachta agus eolas maidir leis an téama bliantúil
- DVD spéisiúil ina gcuirtear na Dámhachtainí inár láthair
- Ábhar daite priontáilte do dhaltaí
- Comhairle agus tacaíocht ar an teileafón, ríomhphost agus ar líne
- Póstaeir ranga

Cruthaíonn daltaí tograí ar bhealach ar bith a chuireann an méid a fhoghlaimíonn siad in iúl. Freastalaíonn scoileanna a chuirtear ar an ngearrliosta ar chraobhacha réigiúnacha agus náisiúnta áit a gcuirtear a gcuid tograí ar taispeáint agus faigheann siad dámhachtainí.

Chun tuilleadh a fháil amach téigh chuig
**www.ourworldirishaidawards.ie**
**01 854 6923** nó **irishaidcentre@dfa.ie**

### Pleananna Ceachta in aisce is féidir a íoslódáil ar rannóg Teagaisc agus Foghlama shuíomh Gréasáin Chúnamh Éireann.

Gheobhaidh múinteoirí pleananna ceachta agus eolas atá nasctha leis an gcuraclam maidir le raon saincheisteanna forbartha ina measc an comhshaol, saorthrádáil, forbairt inbhuanaithe, cearta daonna agus cinn eile. Faoi láthair, dírítear ar an gcomhshaol agus ar an Aetóip, agus pleananna ceachta do rang 5 agus 6 maidir leo seo a leanas: Bia agus Feirmeoireacht san Aetóip – Mar a chuidigh crainn agus beacha meala chun fáil réidh leis an ocras in Tigray." Áirítear san acmhainn seo pacáiste grianghraf in éineacht le gníomhaíochtaí. Oiriúnach le húsáid ar chlár cliste nó le priontáil.

Chun tuilleadh a fháil amach téigh chuig
**www.irishaid.ie/teaching-and-learning/**

### Ábhar in aisce Chúnamh Éireann do sheomraí ranga:

- Leabhar scéalta maidir le tíortha san Afraic agus san Áise
- Pacáistí beaga súgartha
- Clár cluichí nua nathracha is dréimirí maidir le bia agus feirmeoireacht sa Mhaláiv
- Léarscáileanna den domhan le haghaidh an tseomra ranga ar a dtaispeántar príomhthíortha comhpháirtíochta na hÉireann
- Póstaer don seomra ranga maidir le Spriocanna Forbartha na Mílaoise

Chun cóipeanna a iarraidh, téigh i dteagmháil le Lárionad Chúnamh Éireann **01 854 6920** nó **irishaidcentre@dfa.ie**

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
Department of Foreign Affairs and Trade

Ireland's commitment to a world without poverty and hunger

Greceria Mayombo, tionscnóir soirn éifeachtach ó thaobh breosla de leis tionscadal Concern Universal i dtuaithe Mhaláiv